Deontais do bhunscoileanna agus d'iar-bunscoileanna chun leabhair, closleabhair, agus ábhar eile a cheannach chun na hacmhainní litearthachta laistigh de scoileanna a mhéadú

Bileog eolais maidir le soláthar

1. Réamhrá

Tá an íocaíocht airgid deontais aon uaire de €20 milliún chun leabhair, closleabhair agus ábhar eile ar mhaithe leis na hacmhainní litearthachta laistigh de scoileanna a mhéadú á déanamh le gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa chóras saoroideachais. Gheobhaidh gach scoil seachas scoileanna BOO an t-airgead deontais go díreach. Íocfar deontais scoile BOO go díreach leis an mBOO.

Íocfar an deontas do scoileanna de réir rollú aitheanta daltaí ar an 30 Meán Fómhair 2021. Tá an deontas a íoctar le Bunscoileanna a bhfuil 60 dalta nó níos lú ar an rolla iontu bunaithe ar 60 dalta ar a laghad a bheith ar an rolla. Íocfar ráta deontais de €21.00 in aghaidh an dalta/scoláire i dtaca leis na bunscoileanna agus na h-iarbhunscoileanna aitheanta go léir atá sa Scéim Saoroideachais.

2. Na nithe ar féidir an maoiniú a úsáid lena n-aghaidh

Ní mór an maoiniú atá á sholáthar a úsáid ar mhaithe leis na taiscí d'acmhainní litearthachta atá ag an scoil cheana féin a fheabhsú agus ar mhaithe leis sin amháin. Níl sé i gceist go gceannófaí téacsleabhair leis agus níor cheart é a úsáid chun cur le maoiniú an Deontais Leabhar. Ní fhéadfar é a úsáid ach oiread chun daingneáin agus feistis do leabharlann ná bogearraí amhail cláir léitheoireachta luathaithe a cheannach.

3. Bearta tacaíochta do scoileanna chun leabhair, closleabhair agus ábhar eile a cheannach

Tá tacaíocht á soláthar lena chinntiú gur féidir le scoileanna an úsáid is fearr a bhaint as an maoiniú deontais chun na hacmhainní litearthachta laistigh dá scoileanna a mhéadú. I dtaca leis sin, tá an Roinn ag obair leis an tSeirbhís Leabharlainne Poiblí.

Tá Seimineár Gréasáin ar fail ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/deonu-leabhair/. Clúdóidh an Seimineár Gréasáin

- rochtain a fháil ar an mbailiúchán leabharlainne

- an próiseas praiticiúil a bhaineann le bailiúchán fiúntach leabhar a roghnú do gach scoil
- liostaí léitheoireachta agus acmhainní atá forbartha ag leabharlanna agus ag Leabhair Leanaí na hÉireann
- Seirbhísí leabharlainne ag tacú le scoileanna, agus béim á cur ar na buntáistí a bhaineann le cuairteanna ranga, an raon seirbhísí atá ar fáil, lena n-áirítear tacair seomra ranga, acmhainní múinteoirí, acmhainní ar líne etc.

4. Soláthar

Tá creat ann um sholáthar earraí leabharlainne atá ar fáil do gach scoil, a d'fhéadfadh soláthar a dhéanamh do do riachtanais maidir le hacmhainní litearthachta. Tá sé ar fáil ón tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS) agus is féidir teacht air ag www.educationprocurementservice.ie . Is féidir teagmháil a dhéanamh le EPS ag eps.mail@ul.ie.

Cé nach bhfuil úsáid an chreata éigeantach, soláthraíonn sé roghanna maidir le hábhair faoi luach €25,000 a tharraingt anuas (a ordú) go díreach. Tá an creat-chomhaontú roinnte i sé (6) Bhaisc (tá Baisc 3 roinnte in dhá fho-bhaisc). Sainmhínítear Baisc mar shraith áirithe earraí. Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos ar Bhaill an Chreata (na soláthraithe) a ceapadh do gach Baisc agus briseadh síos ar an mBaisc aonair.

Tábla 1

Uimhir agus Ainm na Baisce	Cur Síos ar an mBaisc	Baill an Chreata agus a Rangú
Baisc 1 - Béarla	Is do sholáthar monagraf Béarla an Bhaisc seo (gan ábhar a foilsíodh in Éirinn, ábhair Ghaeilge agus foilseacháin a bhaineann le hÉirinn a chur san áireamh). Taobh istigh den Bhaisc sin is féidir le Forthairgeoirí soláthar na seirbhísí breisluacha seo a leanas a thairiscint; • Meáin Mhalartacha • Buanorduithe	**1.** ProQuest **2.** EBSCO Information Systems **3.** Askews & Holts **4.** O'Mahony's **5.** Brown Books
Baisc 2 - Ríomhleabhair	Is do sholáthar ríomhleabhar an Bhaisc seo (i.e. teidil aonair a cheannach)	**1.** ProQuest **2.** EBSCO Information Systems
Baisc 3a - Ceannach faoi Thiomáint Pátrúin/Ceannach	Is chun Ceannach Chlóite Faoi Thiomáint Pátrúin/Ceannach Chlóite faoi Thiomáint Éilimh a sholáthar an Bhaisc seo	**1.** ProQuest

faoi Thiomáint Éilimh (PDA/DDA)		
Baisc 3b - Ríomh-PDA/Ríomh-DDA	Is chun ríomhleabhair PDA/DDA a sholáthar an Bhaisc seo.	**1.** EBSCO Information Systems **2.** ProQuest
Baisc 4 - Ábhair a Foilsíodh in Éirinn	Is chun earraí a foilsíodh ar oileán na hÉireann, ábhair Ghaeilge agus ábhair a bhaineann le hÉirinn, de réir ábhair nó de réir údarthachta, a sholáthar an Bhaisc seo. D'fhéadfadh soláthar ábhar i nGaeilge nó a bhaineann le hÉirinn agus a foilsíodh taobh amuigh d'oileán na hÉireann a bheith san áireamh freisin. Taobh istigh den Bhaisc sin is féidir le Forthairgeoirí soláthar na seirbhísí breisluacha seo a leanas a thairiscint freisin; • Meáin Mhalartacha • Buanorduithe	**1.** ProQuest **2.** Irish Library Suppliers **3.** O'Mahony's
Baisc 5 - Ábhair maidir le Nua-Theangacha Eorpacha	Is chun ábhair maidir le Nua-Theangacha Eorpacha a sholáthar an Bhaisc seo. Is féidir ábhar Béarla a foilsíodh ar mhór-roinn na hEorpa a sholáthar faoin mBaisc seo freisin. Tá ábhair Ghaeilge eisiata ón mBaisc seo. Taobh istigh den Bhaisc sin is féidir le Forthairgeoirí soláthar na seirbhísí breisluacha seo a leanas a thairiscint; • Meáin Mhalartacha • Buanorduithe	**1.** O'Mahony's
Baisc 6 - Ábhar as Cló/Athláimhe	Is chun ábhar atá As Cló agus ábhar Athláimhe a sholáthar an Bhaisc seo. Caithfidh soláthraithe Earraí a fháil agus a sholáthar ó fhoilsitheoir ar bith atá toilteanach trádáil a dhéanamh trí sholáthraí tríú páirtí.	**1.** O'Mahony's **2.** EBSCO Information Systems **3.** Browns Books

Tá nós imeachta ann chun na horduithe díreacha a roinnt idir an tsraith soláthraithe. Chun an conradh a bhronnadh, déanfaidh an scoil Conradh Earraí agus Comhaontú Rúndachta a eisiúint/a chomhlánú i dtaca leis an soláthraí. Tá na doiciméid sin ar fáil ag Aguisín C den Treoir d'Úsáideoirí don chreat seo ar féidir í a fháil ag www.educationprocurementservice.ie

Nuair atá luach na n-earraí a theastaíonn ón scoil níos mó ná €25,000, déanfaidh an EPS mionchomórtas a reáchtáil thar ceann an Chliaint Chreata/an Údaráis Chonraitheoireachta Ionas go bhféadfaidh an EPS an mionchomórtas a reáchtáil, ní mór PSR (Iarratas ar Thacaíocht Soláthair) a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig

support@ogp.gov.ie. Tá sonraí iomlána faoi phróiseas an mhionchomórtais ar fáil sa Treoir dÚsáideoirí ar shuíomh gréasáin an EPS.

I gcás go gcinneann scoil gan leas a bhaint as an gcreat chun a cuid acmhainní litearthachta a fháil, ní mór na nithe seo a leanas a bhreithniú go géar:

- Ní mór don bhord bainistíochta sraith nósanna imeachta a rialaíonn ceannach a bhunú agus ba cheart na socruithe maidir le tairiscintí a lorg agus earraí a cheannach, íocaíocht sonrasc agus coimeád taifead cuntasaíochta a leagan síos.

- Ní mór go mbeadh na ceannacháin go léir ag cloí leis na nósanna imeachta um sholáthar poiblí, ar nósanna imeachta iad a chinntíonn an luach is fearr ar airgead. Nuair is cuí, ba cheart tairiscintí i scríbhinn a lorg agus taifead iomlán den cheannachán a choinneáil chun tagairt a dhéanamh dó agus é a scrúdú amach anseo i gcomhréir leis na rialacha um sholáthar poiblí.

- Soláthróidh an tAonad Soláthair Scoileanna (SPU) tacaíocht do scoileanna trína suíomh gréasáin www.spu.ie nó ar ríomhphost procurementsupport@spu.ie. Is acmhainn lárnach tacaíochta atá ann chun treoir a thabhairt do na bunscoileanna agus na h-iar-bhunscoileanna go léir, (seachas scoileanna BOO) maidir le ceist ar bith a bhaineann le soláthar. Cuireann SPU comhairle saor in aisce agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do scoileanna chun cuidiú leo feabhas a chur ar a bpróisis, a gcleachtais agus a dtorthaí maidir le soláthar. Tá treoir úsáideach, *Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair* ar fáil ar shuíomh gréasáin SPU.

- Cuireann an Oifig um Sholáthar Rialtas tacaíocht agus eolas ar fáil freisin ag www.ogp.gov.ie nó ar ríomhphost chuig support@ogp.gov.ie .San áireamh ansin tá treoirlínte maidir le Soláthar agus teimpléid um Iarratas ar Thairiscint (RFT).

- Cuireann a nOifig Áitiúil BOO tacaíocht ar fáil do scoileanna BOO maidir lena ngníomhaíocht soláthair.

- Tá sé de chead ag scoileanna na hacmhainní litearthachta incháilithe is fearr a oireann dá riachtanais féin a roghnú. Tá sé de chead acu freisin na soláthraithe a rachaidh siad i dteagmháil leo chun na hacmhainní sin a fháil a roghnú agus is féidir leo earraí a cheannach ó bhreis agus soláthraí amháin. Moltar duit trí thairiscint (RFQ) ar a laghad a lorg nuair atá luach an chonartha faoi bhun €25,000. I gcás tairiscintí a bhfuil luach níos mó ná €25,000 i gceist leo, ní mór dul i mbun beart soláthair phoiblí (RFT).

Moltar do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an SPU chun treoir agus cúnamh a fháil, i dtús báire, má chinneann siad dul i mbun a gcuid tionscadal foinsithe féin taobh amuigh den chreat atá ar fáil.

5. Iarratais ar Thairiscintí/Mheastacháin

- Tá gach scoil uathúil, faoi mar atá an stoc leabhar, closleabhar agus meán eile atá ar fáil laistigh de gach scoil. Is gá do gach scoil a cás uathúil féin chomh maith leis na daltaí/scoláirí laistigh den scoil a chur san áireamh nuair a bheidh an bealach a ndéanfar an t-airgead deontais a bheidh ar fáil a chaitheamh á phleanáil. Is féidir teacht ar thacaíochtaí chun cúnamh a thabhairt duit ina leith sin ag https://www.gov.ie/en/publication/9aeb8-book-grants-2022/ agus https://www.librariesireland.ie/services/right-to-read/services-to-schools

- Nuair a shocróidh tú cad iad na hacmhainní litearthachta a cheannóidh tú is gá an tsonraíocht agus na riachtanais a fhorbairt. Bí soiléir maidir lena bhfuil ag teastáil uait agus ná bíodh aon débhríocht i gceist. Tá sé sin tábhachtach chun míthuiscintí agus ceisteanna a sheachaint agus ionas nach bhfaighidh tú earraí nach raibh ag teastáil uait etc.

  Ní mór go mbeadh sé soiléir go bhfuil an próiseas meastóireachta agus bronnta oibiachtúil agus trédhearcach agus go bhfuil sé bunaithe ar na critéir a foilsíodh san RFT/RRQ agus orthu siúd amháin. Is iad do chritéir bhronnta do ráiteas don mhargadh faoin luach a chuireann tú ar an tseirbhís/na hearraí a theastaíonn uait. Gné thábhachtach is ea praghas, ach ní mór duit freisin, cáilíocht, cúram custaiméirí, seachadadh, tacaíochtaí etc a chur san áireamh.

- Ní mór go mbeadh ceisteanna maidir le **Soláthar Poiblí Glas san áireamh** i ngach tairiscint. Is próiseas é sin ina ndeánann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí, nó oibreacha a bhfuil tionchar timpeallachta laghdaithe acu le linn a saolré a fhoinsiú, i gcomparáid le hearraí, seirbhísí nó oibreacha eile a bhfuil an fheidhm chéanna leo. Féach https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/GPP-Guidance-for-the-Irish-Public-Sector.pdf

  Má dhéantar é sin, tugtar spreagadh dár soláthraithe uile a bheith níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht agus a lorg carbóin a laghdú. Dá bharr sin, bíonn tuiscint níos fearr againn maidir le bheith níos glaise faoi na nithe a ídímid mar chuid dár ngníomhaíochtaí oideachais. D'fhéadfaí an t-ábhar a úsáidtear sna táirgí amhail páipéar athchúrsáilte nó tionchar an tseachadta atá i gceist nó an pacáistiú a úsáidtear a bheith san áireamh sna critéir. Ba cheart duit aird a thabhairt ar na Leideanna um Sholáthar Inbhuanaithe do Scoileanna atá leagtha amach i nuachtlitir SPU Procurement Newsletter - SPU.

- Cinntigh go gcloíonn tú le hamlínte agus le spriocdhátaí chomh maith leis an gcomhfhreagras riachtanach a sheoladh chuig na Forthairgeoirí ar éirigh leo agus nár éirigh leo. Nuair a bheidh an próiseas soláthraithe curtha i gcrích cinntigh go bhfuil do chomhad soláthar críochnaithe agus déan é a chomhdú.

Evelyn O'Connor

Evelyn O'Connor
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
2 Meitheamh 2022